

RosettaStone®



GAEILGE

レベル 3
アイルランド語

Stufe 3
IRISCH

Level 3
IRISH

단계 3
아일랜드어

Livello 3
IRLANDESE

Nivel 3
IRLANDÉS

3 级
爱尔兰语

Nível 3
IRLANDÊS

Niveau 3
IRLANDAIS

Course Content

Contenido del curso

Contenu du cours

Kursinhalt

Contenuto del corso

Conteúdo do curso

コース内容

코스 콘텐츠 북

课文

CCB-GLE-L3-2.0 - 63061

ISBN 978-1-60391-441-3

All information in this document is subject to change without notice. This document is provided for informational purposes only and Rosetta Stone Ltd. makes no guarantees, representations or warranties, either express or implied, about the information contained within the document or about the document itself. Rosetta Stone®, Language Learning Success™, and Dynamic Immersion® are trademarks of Rosetta Stone Ltd.

Copyright © 2011 Rosetta Stone Ltd. All rights reserved.

Printed in the United States of America.

Rosetta Stone

Harrisonburg, Virginia USA

T (540) 432-6166 • (800) 788-0822 in the USA and Canada

F (540) 432-0953

RosettaStone.com

RosettaStone®



GAEILGE

レベル 3
アイルランド語

Stufe 3
IRISCH

Level 3
IRISH

단계 3
아일랜드어

Livello 3
IRLANDESE

Nivel 3
IRLANDÉS

3 级
爱尔兰语

Nível 3
IRLANDÊS

Niveau 3
IRLANDAIS

Course Content

Contenido del curso

Contenu du cours

Kursinhalt

Contenuto del corso

Conteúdo do curso

코스 내용

코스 콘텐츠 북

课文

Clár

An Baile agus An tSláinte

1.1	Buncheacht	1
1.2	Buncheacht	3
1.3	Buncheacht	5
1.4	Buncheacht	7
1.5	Sprioc-aonad.....	9

An Saol agus an Domhan

2.1	Buncheacht	9
2.2	Buncheacht	12
2.3	Buncheacht	14
2.4	Buncheacht	16
2.5	Sprioc-aonad.....	18

An Saol Laethúil

3.1	Buncheacht	19
3.2	Buncheacht	22
3.3	Buncheacht	25
3.4	Buncheacht	27
3.5	Sprioc-aonad.....	29

Áiteanna agus Imeachtaí

4.1	Buncheacht	30
4.2	Buncheacht	32
4.3	Buncheacht	34
4.4	Buncheacht	37
4.5	Sprioc-aonad.....	39

Aibítir	41
----------------------	-----------

Innéacs	42
----------------------	-----------

1.1 Buncheacht

- 01 an clái
an clái
an clái
an gairdín
an gairdín
an linn snámha
- 02 Tá beirt pháistí ina suí ar an gclái.
Tá an clái seo briste.
Tá lón á ithe aige sa ghairdín.
Tá an nuachtán á léamh aige sa ghairdín.
Tá an linn snámha seo laistigh.
Tá an linn snámha seo lasmuigh.
- 03 Tá gairdín in aice leis an linn snámha.
Tá an gairdín laistiar den teach.
Tá bláthanna in aice leis an gclái.
Tá an linn snámha laistiar den chlaí.
- 04 Tá an clái á dhreapadh agam.
Tá an cailín ag léim den chlaí.
Tá an dréimire á dhreapadh ag an mbean.
Tá an fear ag léim den dréimire.
- 05 Tá crann á dhreapadh aige.
Tá crann á dhreapadh acu.
Táim chun léim den leaba.
Léim mé den leaba!
- 06 Tá an cailín ag léim.
Tá an capall ag léim thar an gclái.
Tá an liathróid á caitheamh ag an bhfear.
Tá an liathróid á caitheamh ag an mbean thar an bpuball.
- 07 Tá sé chun an liathróid a chaitheamh.
Tá an liathróid á caitheamh aige.
Chaith sé an liathróid.
- 08 Tá an liathróid á caitheamh ag an gcailín thar an ngluaisteán.
Tá an fear ag léim thar an uisce.
Tá an liathróid á caitheamh ag an mbuachaill thar an gclái.
- 09 Tá an cailín ag dreapadh suas ar an mbord.
Tá an buachaill ag léim den bhord.
Tá an bhean ag dreapadh suas ar an mbád seoil.
Tá an buachaill ag léim den bhád seoil.
- 10 Tá an cat ag léim suas ar an leaba.
Tá an cailín ag léim den chlaí.
Tá an buachaill ag dreapadh suas ar an mbord.
- 11 Tá an liathróid á caitheamh ag an gcailín.
Tá an buachaill ag breith ar an liathróid.
Tá na bláthanna á gcaitheamh ag an mbean.
Tá an fear ag breith ar na bláthanna.
- 12 Chaith sé an tuáille.
Rug sí ar an tuáille.
Tá na heochracha á gcaitheamh ag an máthair.
Béarfaidh a mac ar na heochracha.
- 13 Tá sé chun an liathróid a chaitheamh.
Chaith sé an liathróid.
Tá sí chun breith ar an oráiste.
Rug sí ar an oráiste.
- 14 Ná caithigí an liathróid sa ghairdín!
Ná léim thar an gclái!
Ná dreapaigí an crann!
- 15 Oibríonn an teilifís seo.
Ní oibríonn an teilifís seo.
Oibríonn an clog seo.
Ní oibríonn an clog seo.
- 16 An oibríonn an ríomhaire seo?
Ní oibríonn.
An oibríonn na ceamaraí seo?
Oibríonn.
- 17 Tá bréagán a mhic á dheisiú ag an athair.
Tá an clái á dheisiú aici.
Tá an t-eitleán á dheisiú aige.
Tá an rothar á dheisiú agam.
- 18 Ní oibríonn mo ghuthán póca. Deisigh é, le do thoil.
Ní oibríonn ár ríomhaire. Tá sé á dheisiú.
Tá a bhréagán briste. Tá a sheanathair á dheisiú.
Tá mo raidió briste. An bhfuil tú in ann é a dheisiú?
- 19 Tá sé seo éasca.
Tá sé seo deacair.
Tá sé seo éasca.
Tá sé seo deacair.

1.1 Ar lean

- 20 Tá sé éasca an liathróid seo a chaitheamh.
Tá sé deacair an mála taistil seo a chaitheamh.
Tá sé éasca é seo a dhreapadh.
Tá sé deacair é seo a dhreapadh.
- 21 Tá sé éasca sciáil anseo.
Tá sé deacair sciáil anseo.
Tá sé éasca snámh anseo.
Tá sé deacair snámh anseo.
- 22 Tá sé éasca an rothar seo a dheisiú.
Tá sé deacair an ríomhaire seo a dheisiú.
Tá sé éasca an clái seo a dheisiú.
Tá sé deacair an gluaisteán seo a dheisiú.
- 23 Tá sé éasca é seo a dhéanamh.
Tá sé deacair é seo a dhéanamh.
Tá sé éasca é seo a dhéanamh.
Tá sé deacair é seo a dhéanamh.
- 24 Cén fáth ar dhreap tú an crann?
Mar is maith liom úlla a ithe.
Cén fáth nár rug tú ar an liathróid?
Mar táim róbhéag.
- 25 Cén fáth nár léigh tú an leabhar?
Mar bhí sé an-deacair é a léamh.
Cén fáth nach ndeachaigh Siobhán chuig an gcóisir?
Mar bhí cuairt á tabhairt aici ar Nua-Eabhrac.
- 26 Sciálfaimid chomh maith leo lá éigin.
Déanfaidh mé rince chomh maith léi lá éigin.
Seinnfidh mé an giotár chomh maith le m'athair lá éigin.
Imreoidh mé sacar chomh maith leis lá éigin.
- 27 Tá sé deacair rince chomh maith leo.
Tá sé deacair tiomáint chomh maith leis.
Tá sé deacair léim chomh maith leis.
- 28 Tá dealramh gluaisteáin ar an gcáca seo.
Tá dealramh blátha ar an naipcín seo.
Tá dealramh aghaidhe air seo.
- 29 Tá dealramh a athar ar an mbuachaill seo.
Tá na mná seo ar dhealramh a chéile.
Tá na fir seo ar dhealramh a chéile.
Níl na cailíní seo ar dhealramh a chéile.
- 30 Tá siad ag bualadh le chéile sa phictiúrlann.
Tá siad i ngrá le chéile.
Tá an fear agus a bhean ag scríobh chuig a chéile.
Tá an mháthair agus a hiníon ag breith barróige ar a chéile.
- 31 Tá an bheirt chailíní ag labhairt le chéile.
Tá na fir ag cabhrú le chéile.
Oibríonn siad le chéile.
Tá siad ag rince le chéile.
- 32 An bhfuil an gúna dearg ag teastáil uait?
Níl. Tá an ceann gorm ag teastáil uaim.
An maith leat an hata donn?
Ní maith. Is maith liom an ceann dubh.
Cén fáth nár cheannaigh tú an léine bhán seo?
Mar is fearr liom an ceann liath seo.
- 33 An bhfuil pas agat?
Tá. Tá ceann agam.
Ar mhaith leat sailéad?
Níor mhaith, go raibh maith agat. Tá ceann agam.
- 34 Ar mhaith leat úll?
Níor mhaith, go raibh maith agat. Tá ceann agam.
An bhfuil rothar ar cíós de dhíth ort?
Níl, go raibh maith agat. Tá ceann agam.
- 35 An bhfuil do mhac ag dreapadh suas ar an mbord sin?
Níl. Ní hé sin mo mhac.
Tá dealramh do mhic ar an mbuachaill sin.
Tá mo mhacsa sa linn snámha.
- 36 An oibríonn an ríomhaire?
Ní oibríonn. Tá sé briste.
Cén fáth nár dheisigh tú inné é?
Mar bhí mo rothar á dheisiú agam.
An oibríonn do rothar anois?
Oibríonn.

1.2 Buncheacht

- 01 an tsornóg
an tsornóg
an tsornóg
an miasniteoir
an miasniteoir
an cuisneoir
- 02 Tá an sicín ar an tsornóg.
Tá an sú oráiste sa chuisneoir.
Tá na gloiní sa mhiasniteoir.
- 03 Is miasa iad cupáin.
Is miasa iad babhlaí.
Is miasa iad plátaí.
Is miasa iad gloiní.
- 04 Ar mhaith leat gloine uisce?
Níor mhaith, go raibh maith agat. Tá ceann agam.
An bhfuil gloine bainne ag teastáil uait?
Níl. Tá ceann agam.
- 05 Tá an ghloine sú oráiste ar an gcuntar.
Tá an cuisneoir in aice leis an gcuntar.
Tá an miasniteoir faoin gcuntar.
- 06 Tá na miasa atá sa doirteal salach.
Tá na miasa atá sa mhiasniteoir glan.
Tá na plátaí agus na gloiní atá ar an gcuntar salach.
- 07 Tá an ghloine lán de bhainne.
Tá an doirteal lán de mhiasa.
Tá an miasniteoir folamh.
Tá an cuisneoir folamh
- 08 Tá drochbholadh ón mbosca bruscair.
Tá boladh deas ó na braillíní glana.
Tá an bosca bruscair lán.
Tá an babhla folamh.
- 09 Tá an ghloine lán.
Tá an ghloine folamh.
Tá an bosca bruscair lán.
Tá an bosca bruscair folamh.
- 10 Tá fuinneoga sa tsiléáil.
Dath bán atá ar an tsiléáil.
As adhmaid atá an t-urlár déanta.
Tá an bosca bruscair ar an urlár.
Tá an t-urlár á dheisiú ag an bhfear.
Tá a síléáil á deisiú acu.
- 11 Scuab an t-urlár, le do thoil.
Tá urlár na cistine á scuabadh aige.
Tá sí ag scuabadh gar don siopa grósaeireachta.
Tá an staighre á scuabadh agam.
- 12 Scuabfaidh sí an t-urlár.
Tá an t-urlár á scuabadh againn.
Scuab mé an t-urlár.
- 13 Tá an bruscar á thabhairt amach agam.
Tabhair amach an bruscar, le do thoil.
Tá an bruscar á thabhairt amach aici.
- 14 Tá sé chun na miasa a ní.
Tá na miasa á ní ag an gcailín.
Nigh mé na miasa.
- 15 Nigh do chuid miasa, le do thoil.
Nigh d'aghaidh, le do thoil.
Nigh bhur gcuid éadaí, le bhur dtoil.
- 16 Scuab an staighre, le do thoil.
Tabhair amach an bruscar, le do thoil.
Deisigh an chathaoir, le do thoil.
Nigh na héadaí, le do thoil.
- 17 Tá rugaí á ndíol ag an bhfear.
Tá an tolg lasmuigh.
Tá an ruga dearg ar an urlár.
Tá an buachaill agus a sheanathair ag léamh ar an tolg.
- 18 Tá an cat ar an tolg, agus tá an bhean in aice leis an tolg.
Tá an leanbh ina shuí ar an urlár, agus tá a mháthair ina suí ar an tolg.
Tá an bhean ina suí ar an tolg, agus tá an fear laistiar den tolg.
- 19 Tá an tsiléáil á fholúsghlanadh agam.
Tá an ruga á fholúsghlanadh agam.
Déan an staighre a fholúsghlanadh, le do thoil.
Tá an tolg á fholúsghlanadh aige.
- 20 Cad atá á fholúsghlanadh agat?
Tá an t-urlár faoin tolg á fholúsghlanadh agam.
Cad atá á fholúsghlanadh agat?
Tá an t-urlár faoin ruga á fholúsghlanadh agam.

1.2 Ar lean

- 21 Tá slacht á chur ag an mbean ar an ngluaisteán.
Táim chun slacht a chur ar an seomra suí.
Tá slacht á chur ag an dalta ar an leabharlann.
Chuireamar slacht ar ár seomra codlata.
- 22 Cuir slacht ar an gcistin, le do thoil.
Tá slacht á chur agam ar an gcistin.
Cuir slacht ar do sheomra codlata, le do thoil.
Tá slacht á chur agam ar mo sheomra codlata.
- 23 Tá an folcadán lán d'uisce.
Tá an folcadán folamh.
Tá an doirteal in aice leis an leithreas.
Dath glas atá ar an gcithfholcadán.
- 24 Tá an cat sa doirteal.
Tá an buachaill sa chithfholcadán.
Tá an doirteal á ghlanadh agam.
Tá an cithfholcadán á ghlanadh agam.
- 25 Táim chun folcadh a ghlacadh.
Tá folcadh á ghlacadh ag na deartháireacha.
Ghlac an buachaill folcadh.
- 26 Tá an cailín chun cithfholcadh a ghlacadh.
Tá cithfholcadh á ghlacadh aige lasmuigh.
Ghlac mé cithfholcadh.
- 27 Tá folcadh á ghlacadh ag an mbean.
Tá cithfholcadh á ghlacadh ag an mbean.
Táim chun folcadh a ghlacadh.
Táim chun cithfholcadh a ghlacadh.
- 28 Tá an t-urlár á ghlanadh ag an mbean.
Tá an leithreas á ghlanadh ag an bhfear.
Glan an doirteal, le do thoil.
Tá an fhuinneog á glanadh agam.
- 29 Tá an folcadán á ghlanadh acu.
Tá an cuntar á ghlanadh agam.
Tá an t-urlár á ghlanadh ag an mbuachaill.
- 30 Thug mé amach an bruscar.
Tá orm an t-urlár a ghlanadh anois.
Ghlan mé na miasa.
Tá orm an t-urlár a scuabadh anois.
- 31 Cad atá orainn a dhéanamh inniu?
Tá orainn an seomra folctha a ghlanadh.
Glanfaidh mé an doirteal.
Glanfaidh mé an folcadán.
An nglanfaidh tú an leithreas?
Glanfaidh mé é tar éis duit an t-urlár a scuabadh.
- 32 Cá bhfuil sibh ag dul?
Táimid ag dul chuig an bpáirc.
Ar chuir tú slacht ar do sheomra codlata?
Chuir mé slacht ar mo sheomra codlata.
An ndearna tú an t-urlár a fholúsghlanadh?
Ní dhearna. Déanfaidh mé an t-urlár a
fholúsghlanadh tar éis dom teacht abhaile.

1.3 Buncheacht

- 01 Tá an fear seo láidir.
Tá an fear seo níos láidre.
Tá an bhean seo láidir.
Tá an bhean seo níos láidre.
- 02 Tá sé láidir.
Níl sé láidir.
Tá sí láidir.
Níl sí láidir.
- 03 Cé acu is láidre?
Is láidre an bhean ná an fear.
Cé acu is láidre?
Is láidre an fear ná an bhean.
- 04 Tá aclaíocht á cleachtadh ag an mbuachaill.
Níl aclaíocht á cleachtadh ag an bhfear. Tá sé ag léamh.
Níl aclaíocht á cleachtadh ag na cailíní. Tá siad ag labhairt.
Tá aclaíocht á cleachtadh ag an mbean.
- 05 Tá sé láidir mar bíonn aclaíocht á cleachtadh aige.
Bíonn aclaíocht á cleachtadh agam ar an Luan, ar an gCéadaoin, agus ar an Déardaoin.
Bíonn aclaíocht á cleachtadh againn ar an trá.
- 06 Tá sacar á chleachtadh acu.
Tá galf á chleachtadh ag an bhfear ina oifig.
Tá leadóg á cleachtadh agam.
- 07 Dath buí atá á chaitheamh ag an bhfoireann ón mBrasáil.
Dath gorm atá á chaitheamh ag an bhfoireann ón bhFrainc.
Seisear buachaillí atá ar an bhfoireann seo.
Aon chailín déag atá ar an bhfoireann seo.
- 08 Tá sacar á chleachtadh ag an bhfoireann seo.
Tá leadóg á cleachtadh ag an bhfoireann seo.
Tá grianghraf á ghlacadh aici den fhoireann ghailf.
- 09 Cé acu foireann a n-imríonn tú di?
Imrim don fhoireann sacair.
Cén fáth a bhfuil tú ag cleachtadh inniu?
Mar beidh cluiche ag m'fhoireann sacair amárach.
- 10 Tá an pianó á chleachtadh ag an gcailín.
Tá an veidhlín á chleachtadh ag an mbuachaill ina sheomra codlata.
Tá an giotár á chleachtadh ag an mbean sa seomra suí.
Tá an veidhlín á chleachtadh ag an bhfear san amharclann.
- 11 Tá an veidhlín á chleachtadh agam laistigh.
Tá an giotár á chleachtadh agam lasmuigh.
Tá sacar á chleachtadh agam laistigh.
Tá sacar á chleachtadh agam lasmuigh.
- 12 Ba cheart duit dul ar an mbus seo. Tá sé níos tapa.
Ba cheart duit é seo a ól. Tá sé fuar lasmuigh.
Ba cheart duit éisteacht leis seo. Tá sé go maith.
- 13 Teastaíonn uaim seacláid a ithe, ach níor cheart dom.
Teastaíonn uaim féachaint ar an teilifís, ach ba cheart dom aclaíocht a chleachtadh.
Teastaíonn uaim rince, ach ba cheart dom an t-urlár a scuabadh.
Teastaíonn uaim dul abhaile go luath, ach níor cheart dom.
- 14 Ba cheart di slacht a chur ar a seomra codlata.
Ba cheart dúinn an madra a ní.
Níor cheart duit é sin a cheannach. Tá sé ródhaor.
Níor cheart duit é sin a chaitheamh. Ní oireann sé.
- 15 Ar cheart dom an chulaith dhubh nó an chulaith liath a chaitheamh?
Ba cheart duit an chulaith liath a chaitheamh.
Ar cheart dom an gúna gorm nó an gúna dubh a chaitheamh?
Ba cheart duit an gúna gorm a chaitheamh.
- 16 Ar cheart dom cleachtadh?
Ba cheart. Ba cheart duit cleachtadh.
Ar cheart dom mo veidhlín a chur ar an urlár?
Níor cheart. Ba cheart duit do veidhlín a chur ar an mbord.
- 17 Teastaíonn ó dhuine éigin labhairt leat.
Tá duine éigin san oifig.
Tá duine éigin sa chithfholcadán.

1.3 Ar lean

- 18 Tá an giotár á chleachtadh ag duine éigin.
Tá aclaíocht á chleachtadh ag duine éigin.
Tá na miasa á ní ag duine éigin.
Tá duine éigin sa ghluasteán.
- 19 Tá rud éigin á cheannach ag duine éigin.
Tá grianghraf á ghlacadh ag duine éigin.
Tá rud éigin á dhéanamh ag duine éigin.
- 20 Tháinig na litreacha ar maidin.
Tháinig sí ar na litreacha san iarnóin.
Tá na málaí taistil ag teacht.
Tháinig mé ar mo mhála taistil.
- 21 Tá áit níos fearr de dhíth orainn chun sacar a imirt.
Tá áit níos fearr de dhíth orainn chun ár n-uirlisí a chleachtadh.
Tá áit á lorg aige chun lón a ithe.
Tá áit á lorg acu chun campáil.
- 22 Is áit mhaith í seo chun dul ag snámh.
Is áit mhaith í seo chun sacar a chleachtadh.
Is drocháit í seo chun aclaíocht a chleachtadh.
Is áit mhaith í seo chun sciála.
- 23 Tá áit á lorg acu chun staidéar a dhéanamh.
Tháinig siad ar áit chun staidéar a dhéanamh.
Tá áit á lorg againn chun aclaíocht a chleachtadh.
Thángamar ar áit chun aclaíocht a chleachtadh.
- 24 Scríobh duine éigin litir chugam!
Tá rud éigin á lorg aige le hithe.
Beidh mé i m'amhránaí cáiliúil lá éigin.
- 25 Bíonn madraí ina gcónaí laistigh uaireanta, ach bíonn siad ina gcónaí lasmuigh uaireanta.
Bíonn an mhatamaitic éasca uaireanta agus deacair uaireanta.
Glacaim grianghraif de dhaoine uaireanta, agus glacaim grianghraif d'ainmhithe uaireanta.
- 26 Caithimid sciortaí ar scoil uaireanta, agus caithimid brístí uaireanta.
Caithimid sciortaí ar scoil i gcónaí.
Ólaim caife ar maidin uaireanta, agus ólaim tae uaireanta.
Ólaim caife ar maidin i gcónaí.
- 27 Bíonn sé fuar anseo uaireanta. Bíonn sé te uaireanta.
Bíonn sé fuar anseo i gcónaí.
Ní bhíonn sé fuar anseo riamh.
- 28 Bíonn líomaí searbh i gcónaí.
Ní bhíonn seacláid searbh riamh.
Bíonn siúcra milis i gcónaí.
Ní bhíonn piobar milis riamh.
- 29 Glacaim cithfholcadh i gcónaí sula dtéim ag obair.
Ní ithim feoil riamh.
Bíonn ocras air uaireanta, agus bíonn tart air uaireanta.
Bíonn duine éigin ina sheasamh anseo i gcónaí.
Ní théimid ag sciail sa samhradh riamh.
Fágaim an obair go luath uaireanta.
- 30 Cá mbíonn sibh ag cleachtadh?
Bímid ag cleachtadh anseo uaireanta. Bímid ag cleachtadh ag an scoil uaireanta.
Cathain a bhíonn sibh ag cleachtadh anseo?
San fhómhar a bhímid ag cleachtadh anseo.
Cathain a bhíonn sibh ag cleachtadh ar scoil?
Sa gheimhreadh.

1.4 Buncheacht

- 01 dhá shúil
an chluas
an tsrón
an béal
- 02 Cad é seo?
Seo cos buachalla.
Cad é seo?
Seo lámh cailín.
- 03 an lámh
an chos
an tsúil
an chluas
an tsrón
an béal
- 04 Seo iad mo chosa.
Seo í mo lámh.
Seo iad mo shúile.
Seo iad mo chluasa.
Seo í mo shrón.
Seo é mo bhéal.
- 05 Ghortaigh sí a lámh.
Ghortaigh mé mo shrón.
Ghortaigh sé a shúil.
Ghortaigh mé mo chos.
- 06 Ghortaigh an buachaill a ghlúine.
Ghortaigh mé m'uillinn.
Tá lámha an fhir ar a ghlúine.
Tá uillinneacha na mná ar an mbord.
- 07 Tá bindealán de dhíth ar mo ghlúin.
Tá bindealán ar a mhéar.
Tá bindealán ar a láimh.
- 08 Tá bindealáin ar m'uillinneacha.
Tá bindealáin ar a nglúine.
Tá bindealán ar a chos.
Tá bindealán ar a glúin.
- 09 Tá sé ag sciáil.
Tá sé ag titim.
Tá sí ag rothaíocht.
Tá sí ag titim.
Tá sé ag marcaíocht ar chapall.
Tá sé ag titim.
- 10 Tá an fear ag titim dá rothar.
Thit an fear dá rothar.
Tá an cailín ag titim den chlaí.
Thit an cailín den chlaí.
- 11 Thit mé de mo rothar. An bhfuil bindealán agat?
Ghortaigh mé m'uillinn. An bhfuil bindealán agat?
Tá tart orm. An bhfuil braon uisce agat?
Táim tinn. An bhfuil roinnt cógais agat?
- 12 Cad a tharla?
Chuaigh mé amach nuair a bhí sé ag cur báistí.
Cad a tharla?
Bhí crann á dhreapadh agam agus thit mé.
- 13 Cad a tharla?
Thit mé agus ghortaigh mé mo lámh.
Cad a tharla?
Nuair a bhí siad ag sciáil, thit siad agus ghortaigh siad a gcosa.
- 14 Cad a tharla?
Nigh Mam do gheansaí.
Cad a tharla?
Bhí mé ag rince ar feadh trí uair an chloig aréir.
Cad a tharla?
Chuaigh mé chuig an trá, agus bhí sé an-ghrianmhar.
- 15 Cad a tharla?
Thit mé de chapall.
Cad a tharla?
Léim mé den chlaí.
- 16 Cad a tharla?
Thit mé de mo rothar.
Ar ghortaigh tú do ghlúin?
Níor ghortaigh. Ghortaigh mé m'uillinn.
Ar mhaith leat bindealán?
Ba mhaith. Ba mhaith liom.
- 17 an ceann
an ceann
an ceann
an bolg
an bolg
an lámh

1.4 Ar lean

- 18 Tá ceann an bhuachalla tinn.
Tá bolg an chailín tinn.
Tá mo chluas tinn.
Tá a shrón tinn.
- 19 Tá mo cheann tinn.
Tá bolg mo mhic tinn.
Tá lámh na mná tinn.
Tá mo shúile tinn.
Tá srón na mná tinn.
Tá a bhéal tinn.
- 20 Cad atá cearr?
Tá mo chluas tinn.
Cad atá cearr?
Táim tinn.
- 21 Cad atá cearr?
Tá mo cheann tinn.
Cad atá cearr?
Tá rud éigin i mo shúil.
- 22 Cén teocht atá ann lasmuigh?
Dhá géim atá ann. Ba cheart duit cóta a chaitheamh.
Cén teocht atá ann lasmuigh?
Tríocha céim atá ann. Ba cheart dúinn dul chuig an trá.
- 23 Cén teocht atá ag an leanbh?
Seacht gcéim is tríocha atá aige.
Cén teocht atá agam?
Ocht gcéim is tríocha atá agat.
- 24 Cad atá cearr?
Naoi gcéim is tríocha an teocht atá aige.
Cuirfidh mé glaoch ar an dochtúir.
Tá uimhir ghutháin an dochtúra ar an gcuisneoir.
- 25 Tá a cógas á ghlacadh aici le gloine uisce.
Tá ort do chógas a ghlacadh tar éis dinnéir.
Glac an cógas seo le bainne.
- 26 Itheann sé bricfeasta uair amháin sa lá.
Fágann an traen le haghaidh Pháras dhá uair sa lá.
Glac an cógas seo dhá uair sa lá.
Ólaim caife uair amháin sa lá.
- 27 Ba cheart duit do chuid fiacra a scuabadh dhá uair sa lá.
Fágann an eitilt le haghaidh Barcelona uair amháin sa lá.
Glac é seo ceithre huaire sa lá.
Fágann an bus le haghaidh lár na cathrach sé huaire sa lá.
- 28 An imríonn tú leadóg?
Imríonn. Imrím trí huaire sa tseachtain.
An nglacann tú cógas?
Glacann. Glacaim seo uair amháin sa lá.
- 29 Cad atá cearr?
Tá mo bholg tinn.
Ocht gcéim is tríocha an teocht atá agat.
Ba cheart duit an cógas seo a ghlacadh trí huaire sa tseachtain.
- 30 Bí cúramach. Tá an t-urlár fliuch.
Bí cúramach. Tá gluaisteán ag teacht.
Bí cúramach. Tá crann an-ard á dhreapadh agat.
- 31 Bí cúramach, le do thoil, nuair a bhíonn tú ag rothaíocht.
Bí cúramach, le do thoil, nuair a bhíonn an gluaisteán á dheisiú agat.
Bí cúramach, le do thoil, nuair a bhíonn tú ag tiomáint sa sneachta.
Bí cúramach, le do thoil, nuair a bhíonn tú ag súgradh leis an leanbh.
- 32 An bhfuil sibh chun dul ag sciáil amárach?
Tá. Táimid chun dul maidin amárach.
Bígí cúramach, le bhur dtoil!
- 33 Dia duit ar maidin, a Sheáin.
Dia is Muire duit, a Dhochtúir Uí Mhaolchluiche.
Cad atá cearr?
Tá mo cheann tinn.
- 34 Cad a tharla?
Thit mé de dhréimire.
Glac é seo dhá uair sa lá.
Go raibh maith agat.
Bí cúramach nuair a bhíonn tú ar dhréimire. Slán.
Slán.

1.5 Sprioc-aonad

- 01 An dtabharfaidh tú chugam an dréimire?
Tabharfaidh. Tabharfaidh mé chugat an dréimire.
- 02 An bhfuil sé briste?
Tá. Tá sé briste.
- 03 An bhféadfainn cabhrú leat?
Táim go breá, go raibh maith agat.
- 04 Cad atá cearr?
Tá mo ghlúin tinn.
- 05 Cad a tharla?
Thit mé.
- 06 An bhfuil bindealán de dhíth ort?
Níl, go raibh maith agat. Níl bindealán de dhíth orm.
- 07 Ar mhaith leat úll?
Níor mhaith, go raibh maith agat. Tá ceann agam.
- 08 Cé atá chun a bheith ina chónaí anseo?
Teaghlach as Londain. Tá beirt pháistí acu.
- 09 An bhfuil sibh ar an bhfoireann sacair chéanna?
Tá. Táimid ar an bhfoireann sacair chéanna.
- 10 An bhfuil sibh ag cleachtadh inniu?
Níl. Nílimid ag cleachtadh inniu. Beidh cluiche againn ag a trí a chlog.
- 11 Ar cheart dom an t-urlár a fholúsghlanadh?
Ba cheart. Ba cheart duit an t-urlár a fholúsghlanadh.
- 12 An bhfuil sé ag obair?
Níl. Níl sé ag obair.
- 13 Ar cheart dom an t-urlár a scuabadh?
Ba cheart. Ba cheart duit an t-urlár a scuabadh.
- 14 Cén t-am a bheidh siad ag teacht?
Beidh siad ag teacht ag a trí a chlog.

2.1 Buncheacht

- 01 Bhuaigh na fir.
Bhuaigh an bhean.
Bhuaigh an cailín.
Bhuaigh an buachaill.
- 02 An gluaisteán gorm atá ag cailleadh.
An gluaisteán dearg atá ag buachan.
An fhoireann dhearg atá ag cailleadh.
An fhoireann ghlas atá ag buachan.
Bhuamar!
Chaill mé.
- 03 Bhuaigh an cailín agus chaill an buachaill.
Tá áthas orthu mar bhuaigh siad.
Tá brón ar an bhfear mar chaill sé.
Bhuaigh an fear sa chulaith ghlas.
- 04 Níl aon duine ag ithe.
Tá gach duine ag rith.
Tá gach duine ag labhairt.
Níl aon duine ag súgradh.
- 05 Níl aon duine ag léim.
Tá gach duine ag léim.
Níl aon duine ina shuí.
Tá gach duine ina shuí.
- 06 Níl aon rud faoin leaba.
Dath gorm atá ar gach rud ar an mbord.
Níl aon rud san oifig.
Tá gach rud sa doirteal salach.
- 07 Níl aon rud ar an ruga.
Tá rud éigin ar an bhfear.
Tá gach rud ar an urlár.
- 08 Níl aon rud sa seomra seo nua.
Dath oráiste atá ar rud éigin sa seomra suí seo.
Tá gach rud sa teach seo beag.
- 09 Níl aon rud sa chuisneoir. Tá gach rud ar an gcuntar.
Níl aon rud ar an gcuntar. Tá gach rud sa chuisneoir.
Níl aon rud sa doirteal. Tá gach rud ar an mbord.
Níl aon rud ar an mbord. Tá gach rud sa doirteal.
- 10 Tá go leor peann le haghaidh gach duine.
Níl go leor cathaoireacha le haghaidh gach duine.
Níl go leor caife le haghaidh gach duine.
Tá go leor milseoige le haghaidh gach duine.

2.1 Ar lean

- 11 An bhfuil go leor gloiní ann le haghaidh gach duine?
Tá. Tá go leor gloiní ann le haghaidh gach duine.
An bhfuil go leor forc le haghaidh gach duine?
Níl. Níl go leor forc le haghaidh gach duine.
- 12 Dath gorm atá á chaitheamh ag an bhfoireann seo.
Imrim ar an bhfoireann a bhfuil dath gorm á chaitheamh acu.
An fhoireann a bhfuil dath gorm á chaitheamh acu atá ag buachan.
An fhoireann a bhfuil dath gorm á chaitheamh acu a chaill.
- 13 Tá geansaí dearg ar cheann de na madraí seo.
Tá sé ag súgradh leis an madra a bhfuil geansaí dearg air.
Tá sí ag rith leis an madra a bhfuil geansaí dearg air.
- 14 Tá an buachaill ag buachan.
Tá áthas ar an mbuachaill a bhuaigh.
Tá an cailín ag titim.
Ghortaigh an cailín a thit a lámh.
Tá an fear ag cailleadh.
Tá brón ar an bhfear a chaill.
- 15 Bíonn an ealaín á múineadh ag an mbean seo.
Tá an bhean a mbíonn an ealaín á múineadh aici ag labhairt leis an gcailín.
Tá pictiúr á cheannach ag an mbean a mbíonn an ealaín á múineadh aici.
- 16 Cé acu ceoltóir ar cara leat é?
Is cara liom é an ceoltóir a bhfuil an giotár á sheinm aige.
Cé acu eitilt a mbeidh tú léi?
Beidh mé leis an eitilt a fhágfaidh ag leathuair tar éis a cúig.
- 17 Tá duine de dhíth orm atá in ann mo mhiasniteoir a dheisiú!
Tá duine de dhíth air atá in ann súgradh leis.
Tá duine de dhíth orthu atá in ann an crann seo a dhreapadh.
Tá duine de dhíth orainn atá in ann cabhrú linn teach a cheannach.
- 18 Tá duine de dhíth orm a labhraíonn Gaeilge.
Tá a lán cairde agam atá go maith ag canadh.
Tá duine de dhíth orm atá go maith ag rince.
- 19 Oibrímid i seomra a bhfuil fuinneoga ann.
Teastaíonn uainn obair i seomra a bhfuil fuinneoga ann.
Tá deirfiúr agam a sheinneann an pianó.
Tá duine de dhíth orm a sheinneann an giotár.
- 20 An bhféadfainn cabhrú leat?
Tá duine éigin á lorg agam a labhraíonn Sinis.
An bhféadfainn cabhrú leat?
Tá rud éigin á lorg againn a bheidh sí in ann a chaitheamh ag an gcóisir chulaithirte.
- 21 An bhfuil a fhios agat cad is ainm dó?
Tá a fhios. Seán is ainm dó.
An bhfuil a fhios agat cá bhfuilimid?
Tá a fhios. Táimid anseo.
- 22 Tá a fhios agam cé mhéad airgid atá agam.
Níl a fhios agam cé mhéad atá ann.
Tá a fhios aici cé mhéad a chosnaíonn sé.
Níl a fhios ag aon duine cé mhéad iasc atá san aigéan.
- 23 Níl a fhios aige go bhfuil siad sa teach.
Níl a fhios agam cá bhfuil mo chuid eochracha.
Níl a fhios acu cad é.
Níl a fhios aici gur thug sé leis bláthanna di.
- 24 An bhfuil a fhios agat cé hí?
Níl. Níl a fhios agam cé hí.
An bhfuil a fhios agat cé mhéad duine atá ag teacht?
Ceathrar atá ag teacht.
- 25 Tá a fhios aige go bhfuil sé fuar lasmuigh.
Níl a fhios ag na tuismitheoirí go bhfuil a bpáistí ag féachaint orthu.
Tá a fhios acu go bhfuil a máithreacha ag féachaint.
- 26 Tá a fhios acu cá bhfuil siad in ann teacht ar iasc.
Níl a fhios aici cá bhfuil a gluaisteán.
Ní raibh a fhios acu go raibh an leanbh ina chodladh.
Tá a fhios aici go bhfuil an leanbh ina chodladh.

- 27 An bhfuil a fhios agat an bhfuil go leor airgid agat?
Tá a fhios. Tá go leor airgid agam.
An bhfuil a fhios agat an bhfuil an fhoireann dhearg chun an cluiche a chailleadh?
Níl a fhios agam an bhfuil an fhoireann dhearg chun an cluiche a chailleadh.
- 28 An bhfuil a fhios agat an bhfuil sé ag teacht chuig an músaem?
Níl a fhios agam an bhfuil sé ag teacht chuig an músaem.
An bhfuil a fhios agat an seinneann sí an pianó?
Níl a fhios agam an seinneann sí an pianó.
- 29 Tá ar an bhfoireann ón bhFrainc buachan!
Tá ort éisteacht leis an gceol seo!
Ba mhaith liom go nglaofa orm.
Naoi gcéim is tríocha an teocht atá agat. Tá an dochtúir de dhíth ort.
- 30 Is dócha go mbeidh sé grianmhar inniu.
Is dócha go mbeidh sé ag cur sneachta anocht.
Is dócha go mbeidh sé ag cur báistí amárach.
- 31 Cúig chluiche a bhuaigh an fhoireann dhearg agus ceann amháin a chaill siad an mhí seo caite.
Is dócha go mbuafaidh an fhoireann dhearg an cluiche seo.
Chaill an fhoireann bhuí níos mó cluichí ná an fhoireann ghorm an mhí seo caite.
Is dócha go gcaillfidh an fhoireann bhuí an cluiche seo.
- 32 Cé acu gúna a cheannóidh tú?
Cé go n-oireann an gúna gorm go han-mhaith dom, is dócha go gceannóidh mé an gúna dearg.
Cén fáth?
Mar tá an gúna dearg níos saoire.
- 33 An bhfuil sibh chun dul chuig an Róimh nó Páras?
Cé gur mhaith linn dul chuig an Róimh, is dócha go rachaimid go Páras.
Cén fáth a bhfuil sibh chun dul go Páras?
Mar teastaíonn uainn dul chuig an músaem ealaíne i bPáras.
- 34 Cé acu foireann a bhuafaidh?
Cé go n-imríonn an fhoireann bhuí go han-mhaith, is dócha go mbuafaidh an fhoireann ghorm.
Cén fáth?
Mar tá an fhoireann ghorm ag buachan anois.
- 35 Cé acu is fearr leat, an samhradh nó an geimhreadh?
Cé go mbíonn an aimsir te agus grianmhar sa samhradh, is fearr liom an geimhreadh.
Cén fáth ar fearr leat an geimhreadh?
Mar is maith liom a bheith ag sciáil.
- 36 Níor thug aon duine milseog leo.
An bhfuil a fhios agat an bhfuil go leor cáca le haghaidh na gcuariteoirí ar fad?
Is dócha nach bhfuil. Ba cheart dúinn cáca a cheannach.

2.2 Buncheacht

- 01 Is tír í an Éigipt ar mhór-roinn na hAfraice.
Is tír í an Iodáil ar mhór-roinn na hEorpa.
Is tír í an Bhrasaíl ar mhór-roinn Mheiriceá Theas.
Is tír iad na Stáit Aontaithe ar mhór-roinn Mheiriceá Thuaidh.
Is tír í agus is mór-roinn í an Astráil.
Is tír í an tSín ar mhór-roinn na hÁise.
- 02 Is í an Afraic an mhór-roinn seo.
Is í an Eoraip an mhór-roinn seo.
Is é Meiriceá Theas an mhór-roinn seo.
Is é Meiriceá Thuaidh an mhór-roinn seo.
Is í an Áise an mhór-roinn seo.
Is í an Antartaice an mhór-roinn seo.
Is í an Astráil an mhór-roinn seo.
- 03 Is bainis í seo san Afraic.
Is bainis í seo i Meiriceá Theas.
Is bainis í seo san Eoraip.
- 04 Is sochraid í seo san Áise.
Is sochraid í seo i Meiriceá Thuaidh.
Is sochraid í seo san Afraic.
- 05 Is bainis í seo san Áise.
Is sochraid í seo san Eoraip.
Is sochraid í seo san Áise.
Is bainis í seo san Eoraip.
- 06 Is faoi ainmhithe san Antartaice atá an leabhar seo.
Tá sí ag féachaint ar scannán faoi theaghlaigh san Afraic.
Is faoi bháid seoil atá an leabhar seo.
Is faoi stair na hÁise atá an scannán seo.
- 07 Tá sí ag an obair, ach ar a teaghlach atá sí ag smaoineamh.
Ar a sheantuismitheoirí atá sé ag smaoineamh.
Ar mo bhean chéile atáim ag smaoineamh.
- 08 Cad air a bhfuil tú ag smaoineamh?
Ar an gcluiche sacair an tseachtain seo chugainn atáim ag smaoineamh.
Cad air a bhfuil tú ag smaoineamh?
Ar mo bhainis an mhí seo chugainn atáim ag smaoineamh.
- 09 Rugadh mo sheanathair sa bhliain míle naoi gcéad is a haon.
Phós sé mo sheanmháthair sa bhliain míle naoi gcéad fiche a dó.
Bhí sé ina chónaí sa Fhrainc ar feadh dhá bhliain is caoga.
Fuair sé bás sa bhliain míle naoi gcéad ochtó a trí.
- 10 Tá an bhean seo ag pósadh san Áise.
Rugadh an t-ainmhí seo san Astráil.
Fuair an fear seo bás san Antartaice.
- 11 Comhghairdeas faoi do leanbh nua!
Comhghairdeas faoi do theach nua!
Déanaimid comhbhrón leat.
Déanaim comhbhrón leat.
- 12 Táim chun pósadh inniu.
Comhghairdeas faoi do bhainis!
Rugadh ár leanbh inné.
Comhghairdeas faoi do leanbh nua!
Fuair m'athair bás an tseachtain seo caite.
Déanaim comhbhrón leat.
- 13 Fuair mo sheanmháthair bás an mhí seo caite.
Déanaim comhbhrón leat.
Rugadh m'iníon ag a haon déag aréir!
Comhghairdeas!
- 14 Tá súil agam gur bréagán é.
Is bréagán é!
Tá súil agam gur bréagán é.
Ní bréagán é. Is geansaí é.
- 15 Tá súil agam go dtiocfaidh mé ar rud éigin.
Fuair mé rud éigin.
Tá súil agam go mbéarfadh mé ar an liathróid seo.
Níor rug mé ar an liathróid.
- 16 Tá súil agam nach mbeidh sé ag cur báistí ag mo bhainis.
Bhí sé ag cur báistí ag mo bhainis.
Tá súil agam go mbeidh cailín agam.
Tá buachaill agat!
- 17 Tá súil againn go mbuafaidh ár bhfoireann.
Chaill ár bhfoireann.
Tá súil aige go bpósfaidh sí é.
Pósfaidh sí é!

- 18 Tá áthas orainn.
Tá eagla orthu.
Tá brón orm.
- 19 Tá áthas orthu mar tá siad ag súgradh le chéile.
Tá brón ar an mbean mar tá sí ag imeacht.
Tá eagla air mar níor thiomáin sé riamh.
- 20 Tá brón ar na daoine ag an tsochraid seo.
Tá áthas ar na daoine ag an mbainis seo.
Tá eagla uirthi mar tá sí imithe amú.
- 21 Phós mo sheanmháthair san Afraic céad bliain ó shin.
Rugadh i Meiriceá Theas mé cúig bliana déag ó shin.
Bhí mé i mo chónaí san Áise deich mbliana ó shin.
Rugadh san Eoraip í ceithre lá ó shin.
- 22 Phósamar fiche bliain ó shin.
Táimid pósta le fiche bliain.
Fuair an fear seo bás trí mhíle bliain ó shin.
Tá sé marbh le trí mhíle bliain.
- 23 Thit mé de mo rothar dhá uair an chloig ó shin.
Tá siad pósta le bliain amháin.
Tá siad pósta le cúig bliana is fiche.
Tá an fear seo marbh le mórán blianta.
Phósamar caoga bliain ó shin.
Sheol daoine ón Eoraip go Meiriceá Thuaidh cúig chéad bliain ó shin.
- 24 Tá staidéar á dhéanamh agam ar an gceol le cúig bliana déag.
Tá galf á imirt aige le deich mbliana.
Tá siad ina gcónaí san Astráil le cúig bliana.
- 25 Cad atá ar siúl agat?
Tá staidéar á dhéanamh agam ar an nGaeilge.
Cá fhad atá staidéar á dhéanamh agat ar an nGaeilge?
Tá staidéar á dhéanamh agam ar an nGaeilge le seacht mí.
- 26 Tá teach á thógáil acu.
Tá staid sacair á tógáil acu.
Tá teampall á thógáil acu.
Tá droichead á thógáil acu.
- 27 Thóg siad an t-ospidéal seo san Afraic.
Tá an t-ospidéal seo á thógáil acu i Meiriceá Theas.
Tógfaidh siad an t-ospidéal seo san Áise.
- 28 Cá fhad atá an scoil seo á tógáil agaibh?
Tá an scoil seo á tógáil againn le bliain.
Cá fhad atá sé seo á thógáil aige?
Tá sé seo á thógáil aige le seachtain.
- 29 Chuir mé críoch le leabhar a léamh aréir. Tá ceann eile de dhíth anois orm.
Chuireamar críoch leis an teach seo a thógáil mí ó shin. Táimid inár gcónaí anseo anois.
Chuir sé críoch lena sheomra a ghlanadh deich nóiméad ó shin. Tá sé ag súgradh lena bhréagáin anois.
- 30 Cá fhad atá an teach seo á thógáil agaibh?
Tá an teach á thógáil againn le dhá bhliain.
Cathain a chuirfidh sibh críoch lena thógáil?
Tá súil againn go gcuirfimid críoch lena thógáil sula mbéarfad an leanbh.
Fáilte chuig ár dteach nua.
Comhghairdeas!
- 31 Is dócha go mbéarfad a leanbh go luath.
Rugadh a leanbh cheana féin.
Pósfaidh siad go luath.
Tá siad pósta cheana féin.
- 32 An bhfuil sé chun a bheith ag cur báistí go luath?
Níl. Níl sé chun a bheith ag cur báistí go luath.
Ith do chuid glasraí.
D'ith mé mo chuid glasraí cheana féin!
- 33 An gcuirfidh sibh críoch leis an gcistin a ghlanadh go luath?
Chuireamar críoch leis an gcistin a ghlanadh cheana féin.
An gcuirfidh sibh críoch leis an droichead a dheisiú go luath?
Chuireamar críoch leis an droichead a dheisiú cheana féin.

2.3 Buncheacht

- 01 Tá an Eoraip lastuaidh den Afraic.
Tá an Astráil lastoir den Afraic.
Tá an Antartaice laisteas den Afraic.
Tá Meiriceá Theas laistiar den Afraic.
- 02 Tá an tSín laistiar den tSeapáin.
Tá an Rúis lastuaidh den tSín.
Tá an Iodáil lastoir den Fhrainc.
Tá an Astráil laisteas den Rúis.
- 03 Tá an crann idir an cailín agus an fear.
Tá an cailín idir na mná.
Tá an madra idir na daoine.
Tá an ghloine fholamh idir na gloiní lána.
- 04 Seo é an tAigéan Ciúin.
Seo é an tAigéan Artach.
Seo é an tAigéan Atlantach.
Seo é an tAigéan Indiach.
- 05 Cá bhfuil an tAigéan Atlantach?
Tá an tAigéan Atlantach idir Meiriceá Theas agus an Afraic.
Cá bhfuil an tAigéan Indiach?
Tá an tAigéan Indiach lastoir den Afraic.
Cá bhfuil an tAigéan Artach?
Tá an tAigéan Artach lastuaidh de na mór-ranna ar fad.
- 06 Tá an fear ag seoltóireacht ar an Aigéan Atlantach.
Tá an t-ainmhí ag snámh san Aigéan Artach.
Táim ag siúl in aice leis an Aigéan Atlantach.
Tá siad ag snámh san Aigéan Ciúin.
- 07 Tá an Spáinn laisteas den Fhrainc.
Tá Meicsiceo lastoir den Aigéan Ciúin.
Tá an Fhrainc idir an Ghearmáin agus an Spáinn.
Tá an Ríocht Aontaithe lastuaidh den Fhrainc.
- 08 D'fhág m'eitilt Meicsiceo ar dtús.
Tháinig m'eitilt chuig an Ríocht Aontaithe ansin.
Chuaigh mé ar an traein ó dheas chuig an bhFrainc ansin.
Thiomáin mé soir chuig an nGearmáin ar deireadh.
- 09 Fágfaidh m'eitilt an Astráil Dé Céadaoin.
Tiocfaidh sí chuig an Spáinn Déardaoin.
Fanfaidh mé sa Spáinn ar feadh seachtaine.
Rachaidh mé ar an traein chuig an nGearmáin ar deireadh.
- 10 Tá an fear ag siúl san fhásach.
Tá an t-ainmhí seo ina chónaí san fhásach.
Tá na bláthanna seo san fhoraois bháistí.
Tá an fhoraois bháistí in aice leis an trá.
- 11 Tá an Iodáil laisteas den Ghearmáin.
Tá an gluaisteán ag dul ó dheas ón nGearmáin chuig an Iodáil.
Tá an Fhrainc laistiar den Ghearmáin.
Tá an traein ag dul siar ón nGearmáin chuig an bhFrainc.
- 12 Tá an traein ag dul ó thuaidh ón tSín chuig an Rúis.
Tá an Rúis lastuaidh den tSín.
Tá an tSeapáin lastoir den tSín.
Tá an t-eitleán ag dul soir ón tSín chuig an tSeapáin.
- 13 Cár ghlac tú an grianghraf seo?
Ghlac mé san fhásach i Meicsiceo é.
Cár ghlac tú an grianghraf seo?
Ghlac mé san fhoraois bháistí sa Bhrasail é.
- 14 plandaí
plandaí
plandaí
ainmhithe
ainmhithe
daoine
- 15 Is plandaí móra iad crainn.
Is planda beag é seo.
Bíonn bláthanna ar roinnt plandaí.
Ní bhíonn bláthanna ar roinnt plandaí.
- 16 Cá bhfásann na plandaí seo?
Fásann na plandaí seo san fhoraois bháistí.
Cá bhfásann na plandaí seo?
Fásann na plandaí seo san fhásach.

- 17 Seo crann úll.
Seo crann giúise.
Seo crann oráistí.
- 18 Cad atá ag fás anseo?
Féar.
Cad atá ag fás anseo?
Crainn ghiúise.
Cad atá ag fás anseo?
Crainn oráistí.
- 19 Cén cineál crainn é seo?
Is crann úll é.
Cén cineál crainn é seo?
Is crann giúise é.
- 20 Cad a dúirt sé?
Dúirt sé go bhfuil moill ar an traein ag dul chuig
an nGearmáin.
Cad a dúirt sé?
Dúirt sé go bhfuil ort an cógas a ghlacadh.
- 21 Gabh mo leithscéal, cad a dúirt tú?
Dúirt mé gur maith liom do léine.
Gabh mo leithscéal, cad a dúirt tú?
Dúirt mé go bhfuil mála taistil níos mó de dhíth
orm.
- 22 Cad a dúirt an múinteoir?
Dúirt sí go bhfásann an planda seo san fhoraois
bháistí.
Cad a dúirt an dochtúir?
Dúirt sé gur cheart dom an cógas seo a ghlacadh
dhá uair sa lá.
Cad a dúirt an garda?
Dúirt sé go bhfuil an pháirc laistiar de seo.
- 23 Cad a dúirt an múinteoir?
Dúirt sé go bhfuil an Ríocht Aontaithe san Eoraip.
Cad a dúirt an múinteoir?
Dúirt sí go bhfuil an Éigipt san Afraic.
- 24 Tá an mháthair ag breith ar a leanbh.
Táimid ag breith ar phlanda mór.
Tá an múinteoir ag breith ar ríomhaire.
Tá siad ag breith ar léarscáil den Spáinn.
- 25 Táim ag breith ar mo chat.
Tá an cailín ag breith ar bhláthanna.
Táimid ag breith ar ghrianghraif dá chéile.
- 26 An bhfuil tú in ann breith air seo, le do thoil.
Tá brón orm. Nílím in ann breith air.
An bhfuil tú in ann breith air seo, le do thoil?
Tá. Táim in ann breith air.
- 27 an tine
an tine
an tine
an t-oighear
an t-oighear
an gaineamh
- 28 Tá a lán gainimh san fhásach.
Tá a lán gainimh anseo an trá.
Tá a lán oighir in Antartaice.
Tá tine sa choill.
- 29 As oighear atá an dealbh seo déanta.
Tá dealramh tine air seo, ach as páipéar atá sé
déanta.
As gaineamh atá an foirgneamh seo déanta.
- 30 Is leis-sean an teach seo.
An leis an teach seo?
Is leis. Is leis-sean é.
Is léise an madra seo.
An leis an madra seo?
Ní leis. Is léise an madra.
- 31 Cé leis an bád seoil seo?
Is leis-sean é.
Cé leis na lámha seo?
Is léise iad.
- 32 Cé leis na bréagáin seo?
Is linne na gluaisteáin seo.
Is linne an liathróid seo.
Cé leis na huirlisí seo?
Is liomsa na drumaí.
Is liomsa an giotár.
- 33 Is leis-sean an madra sin.
Is léise an madra sin.
Is liomsa an madra seo.
Is linne an madra seo.

2.3 Ar lean

- 34 Is maith liom an teach seo.
Go raibh maith agat! Is liomsa é. Mise a thóg é.
Is maith liom an pictiúr seo.
Go raibh maith agat! Is leis-sean é. Thug mé dó é.
Is maith liom an planda seo.
Go raibh maith agat! Is linne é. Cheannaíomar ar maidin é.
- 35 Cé leis an cat seo?
Is léise é!
Ní liom! Is leis-sean é!
Tá brón orm. Is liomsa é.
An bhfuil ocras air?
Tá. Tá ocras air.

2.4 Buncheacht

- 01 Bíonn camaill ina gcónaí san fhásach.
Bíonn míolta móra ina gcónaí san aigéan.
Bíonn moncaithe ina gcónaí san fhoraois bháistí.
- 02 Bíonn piongainí ina gcónaí in Antartaice.
Bíonn tíogair ina gcónaí san Áise.
Bíonn eilifintí ina gcónaí san Áise agus san Afraic.
- 03 Tá an eilifint san uisce.
Tá an tíogar ag rith.
Tá na piongainí seo chun snámh.
Tá an míol mór ag snámh.
Tá duine éigin ag marcaíocht ar chamall.
Tá an moncaí sa chrann.
- 04 an camall
an míol mór
an moncaí
an tíogar
an eilifint
an phiongain
- 05 Dath buí atá ar an éan seo.
Dath dearg atá ar an éan seo.
Tá an t-éan seo ina sheasamh ar bhláth.
Tá an t-éan seo ina sheasamh ar chrann.
- 06 Dath glas atá ar na héin seo.
Tá na héin seo ag snámh.
Tá an t-éan seo chun ithe.
Tá a éan in ann labhairt.
- 07 Dath donn atá ar cheann de na caoirigh seo.
Dath dubh agus bán atá ar na ba seo.
Dath bán atá ar na lachain seo.
Dath donn atá ar na sicíní seo.
- 08 an chaora
an bhó
an lacha
an sicín
- 09 Is éin iad piongainí.
Is éin iad sicíní.
Is éin iad lachain.

- 10 Níl piongainí in ann eitilt, ach tá siad in ann snámh go maith.
Tá na héin seo ag eitilt ó thuaidh.
Níl na héin seo in ann eitilt, ach tá siad in ann rith go han-tapa.
Tá an lacha seo ag eitilt os cionn an locha.
- 11 Tá an t-éan bán ag eitilt.
Tá an phiongain san uisce.
Tá na míolta móra ag snámh.
Tá na lachain seo ag eitilt.
- 12 Tá an t-éan seo go hálainn.
Tá na héin seo gránna.
Is sráid álainn í seo.
Is sráid ghránna í seo.
- 13 Tá mo chat gránna.
Tá mo mhadra gránna.
Tá do chuid capall go hálainn.
Tá mo chuid bó go hálainn.
- 14 Tá an dealbh seo go hálainn.
Tá an dealbh seo gránna.
